# First Responders bag pack

## Dunlavin



CONTACT: MARGARET LYNOTT
TEL: 045 401459

THANKS to all who helped out with the Dunlavin First Responders bag pack in Dunnes Stores in Blessington last weekend which raised €1000. This money will go towards training new responders and new equipment. Training for new recruits will be in October, if you are up for it call John O'Reilly 045 401378.

**SYMPATHY**
Sympathy from all the community to the Glennon family on the sad loss of Catherine on 28 August. Catherine was a past pupil of St Kevin's Community College and was pre-deceased by her sister Martha. Catherine is mourned by her mother Aislinn, dad Patsy, brothers Paddy and James, sisters Mairead, Louisa, Ciara, Sarah and Aoife, grand mother Peggy and nephew Ben. May Catherine rest in peace.

**PAKISTAN FLOOD APPEAL**
Thanks to all who supported the collections on Sunday 22 August both in the church and at the blessing of the graves. The amount raised for the Pakistan flood appeal was €2907, your support was very much appreciated.

**PILGRIMAGE TO GLENDALOUGH**
The Parish Pastoral Council has organised a pilgrimage to Glendalough on Saturday 11 September. The walk will be approximately 4 miles from Turlough Hill with a stop at the Barracks/Old Fort for prayers at noon. Arrival time in Glendalough will be 2pm approximately for lunch and reflections will begin with Fr Michael Rogers at 3pm.
If you are walking the terrain is rough in places so wear suitable footwear.
The bus will be arriving at the church at 11am and will meet the walkers between noon and 12.30pm. Join us on the day which promises to be both spiritual and energetic. If you are interested in travelling leave you name on the list at the back of the church and indicate whether you are walking or taking the bus. Any queries to Denis Slevin on 045 401329.

**RECYCLING**
Wicklow County Council Mobile Recycling unit will be in Dunlavin on the 1st Saturday of every month between 10am and 12 noon. They will take cardboard, newspapers and clothes. The centre for glass is located at the council yard and there is a clothes bank in the grounds of Scoil Nicholas Naofa.

**BLOOD BANK**
The mobile blood bank will visit Dunlavin on 14 October.

**BLESSINGTON FURTHER EDUCATION CENTRE**
The back to education initiative is offering part-time courses in Dunlavin and Blessington in community and health services. Dunlavin - Fetac level 5 - this course would suit anyone wishing to enter the healthcare service and work in different healthcare settings in particular with the care of older persons. Blessington – ecommerce - this course would be of use to anyone interested in learning about the internet as a marketing tool. Course content includes business and web authoring. The course may be of use to those recently unemployed who may be thinking of setting up their own business. Blessington – digitalcreator – the course content includes an insight into the use of video, digital cameras, digital audio, u tube, sharing photos, video and files on your computer and internet. For further information contact Una Burke, 045 851490, mobile 086 8503833.

**NIGHT CLASSES**
It is that time of year when people are thinking of career change or upgrading their skills. Why not enrol in a Fetac level 6 in child development and train the trainer in Colaiste Eoin in Hacketstown for September.
There will also be Fetac level 5 in childcare, health and safety in the work place, work experience, care of the older person and special needs assisting. For more information contact 059 6471198 or 087 4144395.

**ST KEVIN'S COMMUNITY COLLEGE**
The class year of 1990 are holding a reunion on Friday 17 September at 8.30pm in Germaine's, Baltinglass. Please contact Kathleen Murtagh on 087 7632294 before 21 August.

**FACEBOOK**
The 'Dunlavin Residents Association' are now on Facebook, showing pictures of all the events organised by the association to date. Included are the Halloween party, Santa's visit to the estates, also work carried out on the estates. The association would like to thank everyone for their support.

**BLACKSMITH COURSE**
If you fancy your chances with an anvil and hammer why not register for a one day course in blacksmithing at Russborough House. Courses take place on Saturdays with numbers limited to 4 per course to allow for one to one tutorial time for the participants. For information contact 085 1390209. There are many other workshops on the go in Russborough which are open on Fridays from 11am to 4pm. There are weavers, artists, candlemaker, wood turner, bog oak sculptor. The Cruthu art gallery is also open at the weekends.

**GORMANSTOWN /USK GROUP WATER SCHEME**
The committee urges members to conserve water during dry spells and observe for any leaks on the system and report same to any of the local reps.

**COUNTRY MARKET**
Baltinglass and District Country Market continues every Saturday from 10am to 1pm in the old Badminton Hall on Church Lane, Baltinglass. Usual supplies of home baking, jams, free range hen and duck eggs, fresh vegetables.
There is also a range of arts, crafts, flowers and plants available. Home made butter and buttermilk also on sale and new to the market is Wicklow honey.

**BADMINTON**
Donoughmore badminton season for 2010/2011 has commenced in the Imaal Hall on Monday nights at 8pm. Social members and juveniles are welcome.
For more information see the website www.freewebs.com/donoughmorebc or contact Paddy 085 7220264 or Kevin on 087 6756116.

**WEBSITE**
Check out the Dunlavin and District Forum's website at www.ddf.ie.

**BINGO**
Bingo takes place in the Imaal Hall every Saturday night at 9pm. The funds raised by the bingo go towards the upkeep of the Imaal Hall and is well worth supporting.

# Lá agus Oíche Chultúir

IS ocáid ollmhór bliantúil í an Lá agus Oíche Chultúir a thugann árdán do shaol cultúrtha na tíre seo. Léiríonn sé íomhá cumhachtach láidir den dea-thionchar atá ag imeachtaí cultúrtha ar an bpobal agus ar an tsochaí.

Is ar an Déardaoin, 24 Meán Fómhair a bheidh an Lá agus Oíche Chultúir ar siúl ar fud na hÉireann i mbliana agus is é seo an chéad bhliain do bhaile Cheatharlach a bheith páirteach ann. Is iad na hudaráis áitiúla atá ag comhoirniú na hocáide agus beidh clár lán d'imeachtaí suimiúla ar siúl i rith an lae agus i rithe na hoíche agus iad uile lonnaithe san Ionad d'ealaíon chomhaimseartha VISUAL agus in Amharclann G.B. Shaw…. agus iad go léir saor in aisce don phobal! Is luach fíor thábhachtach iad na healaíon agus tabharfaidh an ocáid seo deis do na heagrais a bheidh páirteach agus don phobal i gcoitinn a bheith bróidiúil as an méid atá ar siúl agus bainte amach i gCeatharlach i réimse na n-ealaíon le blianta anuas. Is cinnte go rachaidh an saibhreas agus an ilghnéitheacht chultúrtha a chuirfear ar fáil idir am lóin agus déanach san oíche ar an 24 Meán Fómhair i bhfeidhm go mór ar phobal Cheatharlach idir óg agus sean. Beidh seastán eolais ag Glór Cheatharlach san ionad i rith an ama áit a bheidh gach eolas faoi imeachtaí uile Shaol na Gaeilge i gCeatharlach ar fáil le clár Fhéile an Fhómhair a reachtáilfear ón 7-15 Deireadh Fómhair 2010 chomh maith le Féile Idirnáisiúnta Phan Cheilteach Cheatharlach 2012 san áireamh. Buail isteach agus labhair linn!

I measc na n-imeachtaí a bheidh le blaiseadh i rith an lae beidh Ceolchoirm a chuirfidh an Cór Cheatharlach, Mississippi i láthair san amharclann ag am lóin. Is cór ollmhór é seo le breis is150 ball a thagann ó bhailte beaga timpeall Mississippi agus Louisiana. Bunaithe sa bhliain 2005, is in onóir do na céadta sagart a oirníodh i gColáiste Phádraig, Ceatharlach agus a chuaigh sall chuig Meiriceá thar na mblianta a ainmníodh an cór áirithe seo. Seo an chéad uair do bhaill an chóir taisteal go Ceatharlach agus táthar ag súil go mór leis. Cuirimís fáilte Uí Cheallaigh rompu!

Cuirfear turasanna treoirithe ar na gailearaithe ealaíne uile in VISUAL ar fáil saor in aisce don phobal ó 5.30 go 9.15i.n. Beidh an cumadóir aitheanta Elaine Agnew agus an Cór ASPIRO faoi stiúir Mary Amond/O Brien ar ardán na hamharclainne ag 6.30i.n. chun blaiseadh agus réamhthaispeántas i bhfoirm ceardlainne a thabhairt ar a seó nuachumtha What did you see?. Agus cuirfidh oifig ealaíon na n-udarás áitiúil ceardlann agus éisteachtaí don mhórcheoldráma Opera for Carlow ar siúl san amharclann ag 8.00i.n.

Críochnóidh Lá agus Oíche Chultúir 2010 i gCeatharlach le seisiún mór de gach saghas ceoil agus amhránaíochta i gcomhar le hÉigse Cheatharlach ag tosnú ag 9.30i.n.i mbeár na hamharclainne G.B. Shaw agus ní gá a rá ach go leanfaidh sé seo ar aghaidh go maidin! Lá agus Oíche Chultúir Cheatharlach, bígí ann!



Rólaí Pólaí á chanadh acu i Naíonra Ghraig Chuilinn



Am lóin ar an gcéad lá dóibh i Naíonra Tinteán

## Bliain Nua i Naíonra Cheatharlach

Maraon le daltaí i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna an cheantair tá na céadta buachaillí agus cailíní óga tar éis tús a chur lena gcuid oideachas réamhscolaíochta. Ina measc siúd tá seasca páiste atá ag freastal ar an dá Naíonra i mbaile Cheatharlach, Naíonra Tinteán agus Naíonra Ghráig Chuilinn.

'Séard atá i gceist le Naíonra ná grúpa páistí réamhscoile a thagann le chéile go rialta trí Ghaeilge i dtimpeallacht taitneamhach faoi stiúir stiúrthóirí cáilithe. Modh an tsúgartha an cur chuige a leantar mar is é seo an modh foghlama is nádúrtha don aois áirithe seo. Bíonn clár leathan éagsúil d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí a oireann do pháistí idir aois a trí agus a cúig curtha ar fáil go proifisiúnta agus go snasta gach lá sa Naíonra.

Tá Naíonra Cheatharlach ag cur seirbhís, cúram agus oideachas réamhscoile ar fáil i gCheatharlach le breis is tríocha bliain. Bíonn seisiúin maidine agus seisiúin thráthnóna ar fáil. Tá Naíonra Cheatharlach rannpháirteach sa Bhliain Réamhscoile saor in aisce faoin Scéim um Chúram & Oideachas Luath-Óige (ECCE) a tugadh isteach ag Oifig an Aire Leanaí & Gnóthaí Óige in Eanair 2010. Faoin scéim seo is féidir le gach leanbh leas a bhaint as an mbliain réamhscoile sula dtosóidh siad ag an mbunscoil. Bíonn leanaí incháilithe má bhíonn siad idir 3 bliana agus 3 mhí agus 4 bliana agus 6 mhí ar an gcéad lá de Mheán Fómhair. Maireann an Bhliain Réamhscoile Saor thar 38 seachtain le soláthar de 3 uair an chloig in aghaidh an lae ar feadh cúig lá sa tseachtain. Is féidir gach eolas a fháil ó Lorraine ag 085/7377041, Ursula ag 086/8835103 nó ó Glór Cheatharlach ag 059/9158105.

**Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:**
**Glór Cheatharlach**
**Carlow Gateway Business Centre**
**Bóthar Átha Í, Ceatharlach**
**(059) 9158105 / (085) 1340047**
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!